FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)

Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach (GECC)

(Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19))

(2023/C 30/08)

I. 1) **Ainm, seoladh agus pointe teagmhála:**

Ainm cláraithe: Európske zoskupenie územnej spolupráce Veľká Morava s ručením obmedzeným

Oifig chláraithe: Starohájska 10, 917 01 Trnava, SR

Pointe teagmhála: Július Fekiač (stiúrthóir)

I. 2) **Fad na grúpála:**

Fad na grúpála: tréimhse éiginnte

Dáta clárúcháin: 30/11/2022

II. **CUSPÓIRÍ**

— comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach bhaill na grúpála a fhorbairt faoi chuimsiú an chomhair trasteorann sa chríoch ina bhfeidhmíonn an ghrúpáil (i.e. limistéar riaracháin bhaill bunaidh agus bhaill aontachais na grúpála)

— bainistiú straitéiseach a dhéanamh ar fhorbairt réigiúnach na críche lena mbaineann

— comhar a fhorbairt idir baill na grúpála, de réir a n-inniúlachtaí, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

1. Bonneagar
2. Fuinneamh
3. Teicneolaíocht faisnéise
4. Forbairt réigiúnach
5. Turasóireacht
6. Oideachas
7. Cultúr agus spórt
8. An réimse sóisialta agus cúram sláinte
9. Fiontair bheaga agus mheánmhéide a fhorbairt
10. Cosaint an chomhshaoil agus talmhaíocht
11. Forbairt tuaithe
12. Bainistiú géarchéime
13. Cibearshlándáil agus slándáil faisnéise
14. Comhar trasteorann
15. Iompar
16. Taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a neartú

III. **SONRAÍ BREISE MAIDIR LE hAINM NA GRÚPÁLA**

Ainm Béarla: EGTC Great Moravia with Limited Liability

IV. **BAILL**

IV. 1) **Líon iomlán na mball sa ghrúpáil:** 2

IV. 2) **Náisiúntachtaí na mball sa ghrúpáil**: CZ, SK

IV. 3) **Faisnéis faoi na baill**

Ainm oifigiúil: Trnavský samosprávny kraj

Seoladh poist: Starohájska 10, 917 01 Trnava, SR

Suíomh gréasáin: www.trnava-vuc.sk

Cineál ballraíochta: Údarás réigiúnach

Ainm oifigiúil: Jihomoravský kraj

Seoladh poist: Žerotínovo náměstí 449/3, 601 82 Brno, ČR

Suíomh gréasáin: www.jmk.cz

Cineál ballraíochta: Údarás réigiúnach